An Coimisiún Eorpach

# AN PAINÉAL SAORÁNACH EORPACH

## Maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh



Lámhscríbhinn arna críochnú i nDeireadh Fómhair 2024

Ní féidir a mheas gurb é atá sa doiciméad seo seasamh oifigiúil an Choimisiúin Eorpaigh.

Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2024.

© An tAontas Eorpach, 2024.

Déantar beartas athúsáide an Choimisiúin a chur chun feidhme le Cinneadh 2011/833/AE ón gCoimisiún an 12 Nollaig 2011 maidir le hathúsáid dhoiciméid an Choimisiúin (IO L 330, 14.12.2011, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2011/833/oj).
Mura sonraítear a mhalairt, údaraítear an doiciméad seo a athúsáid faoi cheadúnas Creative Commons Attribution 4.0 International (CC BY 4.0) (https://creativecommons.org/licenses/by/4.0/). Ciallaíonn sé sin go gceadaítear a athúsáid ar choinníoll go dtugtar an chreidiúint chuí agus go léirítear aon athrú a dhéantar.

| | | | |
|---|---|---|---|
| Print | ISBN 978-92-68-21090-1 | doi:10.2775/5547554 | NA-01-24-005-GA-C |
| PDF | ISBN 978-92-68-21089-5 | doi:10.2775/2090487 | NA-01-24-005-GA-N |

# AN PAINÉAL SAORÁNACH EORPACH

## Maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh

# Clár

**Achoimre feidhmiúcháin** 5

**1. Réamhrá** 10

**2. Creat modheolaíochta** 12

2.1. Roghnú randamach agus comhdhéanamh déimeagrafach an phainéil 12
2.2. Turas an phainéil 15
2.3. Modhanna rannpháirtíochta 15
2.4. Torthaí comhchoiteanna 16
2.5. Rialachas agus eolas 17
2.6. Breathnóirí 20

**3. An rannpháirtíocht a leathnú** 22

3.1. An tArdán um Rannpháirtíocht Saoránach 22
3.2. Cumarsáid 22

**4. Moltaí ó na Saoránaigh** 26

4.1. 13 mholadh le haghaidh na hEorpa atá Fuinneamhéifeachtúil 26

**Moladh 1:** Tomhaltóirí a chumhachtú chun bheith fuinneamhéifeachtúil 26

**Moladh 2:** Ceart cóir ar athchóiriú baile a bhaineann le fuinneamh a mhaoiniú 26

**Moladh 3:** Neamhspleáchas agus éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, a bheith ina eiseamláir dhomhanda 27

**Moladh 4:** Spriocanna éifeachtúlachta fuinnimh a bhaint amach trí chumas gach duine gníomhú a neartú 27

**Moladh 5:** Cur chun feidhme threoracha an Aontais a bhainistiú agus monatóireacht a dhéanamh air 28

**Moladh 6:** Feabhas a chur ar staid an lucht saothair oilte san Aontas in earnáil na héifeachtúlachta fuinnimh 28

**Moladh 7:** An todhchaí a chinntiú tríd an oideachas glas 29

**Moladh 8:** An córas eangaí a bharrfheabhsú agus a fhorbairt, ón táirgeoir go dtí an t-úsáideoir deiridh, i bhfabhar foinsí fuinnimh in-athnuaite 29

**Moladh 9:** Cuidiú le saoránaigh den Aontas comhphobail fuinnimh atá dírithe ar fhuinneamh a fhorbairt éifeachtúlacht trí eolas agus tacaíocht airgeadais a sholáthar 30


**Moladh 10:** Comhphobail fhuinneamhéifeachtúla a fhorbairt le haghaidh tomhaltas freagrach agus táirgeadh méadaithe fuinnimh áitiúil 31

**Moladh 11:** Cur chun feidhme na héifeachtúlachta fuinnimh i bhfoirgnimh a leathnú 31

**Moladh 12:** Tarraingteacht an iompair phoiblí a mhéadú do phaisinéirí 32

**Moladh 13:** An t-iompar is fuinneamhéifeachtúla a chur ar fáil ar fud na hEorpa: Earraí a bhaint den bhóthar, daoine a bhaint de na heitleáin, agus ‘céadphrionsabal an iarnróid’ a thabhairt isteach 32

# Achoimre feidhmiúcháin




# AN PAINÉAL SAORÁNACH: NA SEISIÚIN

## SEISIÚN IOMLÁNACH



## MEITHLEACHA






### ÉASCÓIRÍ AGUS MODHNÓIRÍ

- Threoraigh siad na saoránaigh sa phlé i ngach ceann de na 3 sheisiún
- Rinne siad modhnóireacht ar an bplé i ngrúpaí beaga agus i seisiúin iomlánacha



### BREATHNADÓIRÍ

- Rinne roinnt taighdeoirí, iriseoirí agus ionadaithe ón tsochaí shibhialta eagraithe breathnadóireacht ar obair na bpainéal



### AN BORD STIÚRTHA

- Comhdhéanta den Choimisiúin Eorpach, Foireann Díospóireachta (gairmithe a bhíonn ag plé leis an dearadh, leis an modheolaíocht agus leis an modhnóireacht) agus foirne atá i gceannas ar eagrú praiticiúil
- Rinne an Bord Stiúrtha an Painéal Saoránach a dhearadh, a eagrú, a mhaoirsiú agus a bhainistiú




### ATEANGAIRÍ

- Cumhdaíodh gach ceann de 24 theanga oifigiúla an Aontais



### AN COISTE EOLAIS

- Thart ar ochtar saineolaithe seachtracha agus saineolaí amháin de chuid an Choimisiúin
- Roinn siad a gcuid eolais agus saineolais
- Chuidigh siad le Pacáiste Eolais a dhréachtú agus le fíricí a sheiceáil
- Chuidigh siad freisin le struchtúr a chur ar an bplé agus le cainteoirí a aithint








### TABHAIRT AR LÁIMH

- Tugann na saoránaigh a gcuid moltaí ar láimh don Choimisiún Eorpach

### OBAIR LEANTACH AGUS AISEOLAS

- Déanann an Coimisiún Eorpach na moltaí a chomhtháthú ina cheapadh beartais

# NA MOLTAÍ




1 Tomhaltóirí a chumasú chun a bheith éifeachtúil ó thaobh fuinnimh de



2 Ceart cóir ar athchóiriú baile a bhaineann le fuinneamh a mhaoiniú



3 Neamhspleáchas agus éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, a bheith ina eiseamláir dhomhanda



4 Spriocanna éifeachtúlachta fuinnimh a bhaint amach trí chumas gach duine gníomhú a neartú



5 Cur chun feidhme threoracha an Aontais a bhainistiú agus monatóireacht a dhéanamh orthu



6 Feabhas a chur ar staid an lucht saothair oilte san Aontas in earnáil na héifeachtúlachta fuinnimh



7 An todhchaí a chinntiú tríd an oideachas glas



8 An córas eangaí a bharrfheabhsú agus a fhorbairt, ón táirgeoir go dtí an t-úsáideoir deiridh, i bhfabhar foinsí fuinnimh in-athnuaite



9 Cuidiú le saoránaigh den Aontas comhphobail fuinnimh a fhorbairt atá dírithe ar éifeachtúlacht fuinnimh trí eolas agus tacaíocht airgeadais a sholáthar




10 Comhphobail atá éifeachtúil ó thaobh fuinnimh de a fhorbairt le haghaidh tomhaltas freagrach agus táirgeadh méadaithe fuinnimh áitiúil



11 Cur chun feidhme na héifeachtúlachta fuinnimh i bhfoirgnimh a leathnú



12 Tarraingteacht an iompair phoiblí a mhéadú do phaisinéirí



13 An t-iompar is éifeachtúla ó thaobh fuinnimh de a sholáthar ar fud na hEorpa: Earraí a bhaint den bhóthar, daoine a bhaint de na heitleáin, agus 'céadphrionsabal an iarnróid' a thabhairt isteach



# RÉAMHRÁ

# 1. Réamhrá

Tionóladh an Painéal Saoránach Eorpach maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh sa chéad leath de 2024 i gcomhthéacs obair ullmhúcháin le haghaidh tionscnamh beartais a bheidh le glacadh ag an gCoimisiún Eorpach níos déanaí in 2024 maidir le 'Céadphrionsabal na hÉifeachtúlachta Fuinnimh' ([1]). Samhlaíodh an painéal mar dheis thábhachtach chun an Coimisiún a chur ar an eolas faoi dhearcadh na saoránach agus chun a gcuid moltaí a fháil sa réimse sin.

Tagraíonn 'Éifeachtúlacht Fuinnimh' do níos lú fuinnimh a úsáid chun an cúram céanna a dhéanamh, agus ar an gcaoi sin deireadh a chur le dramhaíl fuinnimh agus costais fuinnimh a laghdú. Sa lá atá inniu ann, is cuid ríthábhachtach den fhorbairt inbhuanaithe í an éifeachtúlacht fuinnimh agus is príomhstraitéis í chun an t-athrú aeráide a chomhrac, feabhas a chur ar an tslándáil fuinnimh agus an fás eacnamaíoch a chur chun cinn. Mar sin féin, tá dúshláin mhóra fós ann maidir le héifeachtúlacht fuinnimh a dhéanamh inrochtana, cuimsitheach agus éifeachtach do gach earnáil agus pobal ar fud an Aontais Eorpaigh.

Agus na dúshláin sin á n-aithint, tá ról gníomhach glactha ag an Aontas maidir le héifeachtúlacht fuinnimh a chur chun cinn agus tacú leis na Ballstáit ina n-iarrachtaí cur chun feidhme a mhéadú. i straitéis 2025 an Choimisiúin maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip, mar shampla, leagtar síos spriocanna uaillmhianacha chun éifeachtúlacht fuinnimh a bhaint amach do chách agus chun teicneolaíochtaí coigilte fuinnimh a ghlacadh go forleathan. Mar sin féin, chun na spriocanna sin a bhaint amach, is gá aghaidh a thabhairt ar dhúshláin chasta bheartais a bhaineann le maoiniú, nuálaíocht theicneolaíoch, creataí rialála agus feasacht phoiblí. Tá ról criticiúil ag an Aontas maidir le comhar agus comhordú a éascú i measc na mBallstát agus páirtithe leasmhara eile chun dul i ngleic leis na dúshláin sin agus chun réitigh éifeachtacha a fhorbairt.

Sa chomhthéacs sin, d'iarr an Coimisiún ar na saoránaigh a bhí rannpháirteach sa Phainéal maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh an cheist seo a leanas a fhreagairt: 'Conas is féidir leis an Aontas Eorpach tús áite a thabhairt don éifeachtúlacht fuinnimh agus a tairbhe iomlán a chur ar fáil do shaoránaigh, d'údaráis phoiblí agus d'fhiontair?'.

Le tacaíocht ó ábhar eolais, tuairimí saineolaithe agus plé i gcruinnithe iomlánacha agus i meithleacha, shainaithin na saoránaigh a bhí rannpháirteach sa phainéal sin gníomhaíochtaí beartais a d'fhéadfadh a bheith ann agus gníomhaithe ábhartha le bheith rannpháirteach ar leibhéil éagsúla chun an tAontas a dhéanamh níos fuinneamhéifeachtúla. Ar deireadh, tháirg agus ghlac an Painéal Saoránach Eorpach maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh 13 mholadh, a chuirtear i láthair ina n-iomláine san Iarscríbhinn a ghabhann leis an tuarascáil seo.

Tar éis sheisiúin an phainéil, iarradh ar na saoránaigh rannpháirteacha suirbhé aiseolais a líonadh isteach mar chuid den mheastóireacht ar an bpróiseas. Leagtar cuid de thorthaí an tsuirbhé seo amach sa tuarascáil seo.

Tabharfar tuairisc ar na bearta leantacha a thuilleadh maidir leis na 13 mholadh sin i dTuarascáil ó na Saoránaigh, doiciméad oifigiúil a ghlacfaidh Coláiste na gCoimisinéirí, mar aon le tionscnaimh bheartais a bheidh ann amach anseo. Eagrófar imeacht aiseolais freisin chun na céimeanna sin a mhíniú do rannpháirtithe an phainéil. Idir an dá linn, tá sé d'aidhm ag an tuarascáil seo achoimre a dhéanamh ar phríomhghnéithe an Phainéil Saoránach Eorpach seo agus léargas a thabhairt ar a chreat modheolaíochta, ar an gcaoi a ndéantar díospóireachtaí, torthaí na dtrí sheisiún a éascú, chomh maith leis an measúnú ar an bpróiseas a rinne na saoránaigh.

([1]) https://energy.ec.europa.eu/topics/energy-efficiency/energy-efficiency-targets-directive-and-rules/energy-efficiency-first-principle_ga



# CREAT MODHEOLAÍOCHTA

# 2. Creat modheolaíochta

## 2.1. Roghnú randamach agus comhdhéanamh déimeagrafach an phainéil

Chun cur chuige cothrom, comhsheasmhach agus iontaofa a chinntiú atá ar aon dul, a mhéid is féidir, le hionadaíocht éagsúlacht shochaí na hEorpa, baineadh úsáid as modhanna roghnúcháin randamacha chun na rannpháirtithe sa Phainéal Saoránach Eorpach a earcú.

Rinne Harris Interactive an earcaíocht. Rinne Harris rannpháirtithe a earcú trí úsáid a bhaint as diailiú digiteach randamach. Thoiligh 228 nduine páirt a ghlacadh sa phainéal as ar roghnaíodh 150 go randamach le bheith mar chuid den phainéal bunaithe ar chritéir éagsúla (mar a dtugtar tuairisc orthu thíos), agus bhí 50 duine acu ar an gcéad liosta ionadaithe de shaoránaigh, i gcás luathfhágálaithe.


**Tábla 1: Comhdhéanamh déimeagrafach an phainéil — tionscnamh náisiúnta**

| Tír | Rannpháirtithe spriocdhírithe | Rannpháirtithe iarbhír | | |
|---|---|---|---|---|
| | | Seisiún 1 | Seisiún 2 | Seisiún 3 |
| An Ostair | 4 | 3 | 3 | 3 |
| An Bheilg | 5 | 6 | 6 | 6 |
| An Bhulgáir | 4 | 3 | 3 | 2 |
| An Chróit | 2 | 3 | 3 | 3 |
| An Chipir | 2 | 2 | 2 | 2 |
| An tSeicia | 5 | 5 | 4 | 4 |
| An Danmhairg | 3 | 3 | 3 | 3 |
| An Eastóin | 2 | 2 | 2 | 1 |
| An Fhionlainn | 3 | 4 | 4 | 4 |
| An Fhrainc | 15 | 15 | 15 | 13 |
| An Ghearmáin | 19 | 18 | 18 | 16 |
| An Ghréig | 5 | 5 | 5 | 5 |
| An Ungáir | 5 | 5 | 5 | 5 |
| Éire | 3 | 4 | 4 | 4 |
| An Iodáil | 15 | 15 | 15 | 15 |
| An Laitvia | 2 | 2 | 2 | 2 |
| An Liotuáin | 2 | 2 | 2 | 2 |
| Lucsamburg | 2 | 2 | 2 | 2 |
| Málta | 2 | 2 | 2 | 2 |
| An Ísiltír | 6 | 6 | 6 | 6 |
| An Pholainn | 10 | 8 | 8 | 8 |
| An Phortaingéil | 5 | 5 | 5 | 5 |
| An Rómáin | 7 | 8 | 8 | 8 |
| An tSlóvaic | 3 | 3 | 3 | 3 |
| An tSlóivéin | 2 | 1 | 1 | 5 |
| An Spáinn | 12 | 12 | 12 | 12 |
| An tSualainn | 5 | 5 | 5 | 1 |
| **Iomlán** | **150** | **149** | **148** | **142** |

Tugtar forbhreathnú sa tábla thuas ar an líon saoránach atá ag teastáil ar fud Bhallstáit an Aontais (cuótaí tíre) chomh maith leis na rannpháirtithe iarbhír in aghaidh an tseisiúin. An aidhm a bhí ann na Ballstáit a léiriú ar bhealach a bhí i gcomhréir lena méid daonra, agus ar a laghad beirt saoránach in aghaidh na tíre a bheith ann. i bhfocail eile, socraíodh spriocanna arda do thíortha a bhfuil daonraí móra acu, mar shampla an Ghearmáin (19 saoránach), agus tugadh cuireadh do bheirt saoránach ó Mhálta agus ó Lucsamburg, agus prionsabal na comhréireachta céimlaghdaithí á chur i bhfeidhm. Go ginearálta, rinneadh freastal maith air agus ar an mórgóir baineadh amach na spriocanna a socraíodh. Maidir le 23 as na 27 mBallstát, baineadh amach na spriocanna agus bhí na Ballstáit eile an-ghar do na spriocanna. Ar an iomlán, as an 150 saoránach a earcaíodh, ghlac 149 acu páirt i gceann amháin ar a laghad de na trí sheisiún.


Chun a chinntiú go léireodh an Painéal éagsúlacht dhaonra an Aontais a mhéid is féidir, agus chun ionadaíocht na ngrúpaí a bhíonn faoi ghannionadaíocht go hiondúil a chumasú, sainíodh sprioc-chuótaí do rannpháirtithe de réir na saintréithe sochdhéimeagrafacha seo a leanas (tagraíonn an sciar iarbhír de rannpháirtithe do na 149 saoránach a d'fhreastail ar cheann amháin ar a laghad de na seisiúin).

**Fíor 1: Torthaí an tsuirbhé aiseolais maidir leis an gceist 'Ar ghlac tú páirt riamh i bpróiseas rannpháirtíochta saoránach roimhe seo?' (n=114)**







Fíor 2: Sprioclíon agus rannpháirtithe iarbhír in aghaidh an tseisiúin maidir le cúig chritéar shochdhéimeagrafacha



Fíor 3: Torthaí an tsuirbhé aiseolais maidir leis an gceist **'An dóigh leat gur léirigh an Painéal Saoránach éagsúlacht dhaonra an Aontais go maith?'** (n=119)




# 2.2. Turas an phainéil

Trí sheisiún a bhí sa Phainéal Saoránach Eorpach maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh a raibh spriocanna éagsúla acu – gach ceann acu ag cur le hobair an tseisiúin roimhe sin d'fhonn tacar moltaí a chur ar fáil de chomhthoil lena gcur faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh.

**Sa chéad seisiún** (23-25 Feabhra 2024, ar an láthair sa Bhruiséil), cuireadh na rannpháirtithe ar an eolas maidir leis an tsaincheist faoi chaibidil agus bhí siad in ann aithne a chur ar a chéile agus muintearas agus muinín a chothú. Fuair siad tuairimí tosaigh saineolaithe lena simplítear castachtaí, gníomhaithe agus dinimic an chórais fuinnimh. Na príomhbhacainní ar thug siad tús áite dóibh i meithleacha a chur i láthair, fuair gach grúpa aiseolas ó shaineolaithe maidir leis an gcéad toradh sin.

**Tháinig rannpháirtithe le chéile sa dara seisiún** (15-17 Márta 2024, ar líne) ar Ionad comhdhála gréasáin Hyperfair. Ag díriú ar thrí phríomhearnáil a shainaithin na saoránaigh chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh (iompar, foirgnimh agus bonneagar) agus forbairt a dhéanamh ar shaincheisteanna trasearnálacha, rinneadh iniúchadh níos doimhne ar an ábhar sa dara seisiún seo. Bhí sé de phríomhsprioc aige malartú smaointe agus dearcthaí i measc na rannpháirtithe a spreagadh, réimsí comhthola agus easaontais a shainaithint, agus moltaí a bhfuil gealladh fúthu a mhapáil chun tosú ar bheith níos fuinneamhéifeachtúla.

**Bhí an tríú seisiún agus an seisiún deiridh** (12-14 Aibreán, ar an láthair sa Bhruiséil) tiomanta do na moltaí a bheachtú bunaithe ar na smaointe agus an léargas a fuarthas sa chéad dá sheisiún, agus thacaigh tuairimí seachtracha eile leis. Ar deireadh, d'fhorbair na saoránaigh rannpháirteacha 13 mholadh le go mbeadh Eoraip níos fuinneamhéifeachtúla ann, moltaí a cuireadh ar aghaidh chuig an gCoimisiún Eorpach. Cuirtear i láthair ina n-iomláine iad san Iarscríbhinn a ghabhann leis an tuarascáil seo.


# 2.3. Modhanna rannpháirtíochta


## 2.3.1 Ó sheisiúin iomlánach go meithleacha

Dearadh struchtúr na seisiún chun idirghníomhaíochtaí i measc na rannpháirtithe a spreagadh agus chun a chinntiú gur tugadh cluas do gach duine. Ag tógáil ar mhodheolaíocht a bhfuil seantaithí uirthi a forbraíodh le linn na bPainéal Saoránach Eorpach a bhí ann roimhe seo, d'athdhearbhaigh an Coimisiún Eorpach, le tacaíocht ó fhoireann saineolaithe ó réimse an daonlathais dhioscúrsaigh (dá ngairtear 'an fhoireann díospóireachta' anseo feasta), a thábhachtaí atá sé formáidí éagsúla plé a chur ar fáil.

I suíomhanna iomlánacha, bhí na saoránaigh in ann éisteacht le tuairimí saineolaithe agus bhí siad in ann torthaí phlé na meithle a chur i láthair do na rannpháirtithe uile, i 24 theanga. Thug suíomhanna fo-iomlánacha deis do rannpháirtithe a gcuid léargais a chomhroinnt le grúpa níos lú de 50 go 75 rannpháirtí agus aiseolas sonrach a fháil ó shaineolaithe éagsúla. Bhí na meithleacha, inar tháinig 12 rannpháirtí le chéile de ghnáth, comhdhéanta ar bhealach a d'fhág go raibh éagsúlacht gheografach leordhóthanach ann, ina raibh meascán de thíortha móra agus beaga agus cúig theanga éagsúla ar a mhéad. Spreag grúpaí níos lú den sórt sin idirghníomhaíochtaí agus chuidigh siad le saoránaigh aithne níos fearr a chur ar a chéile agus muinín a chothú. i gcomhréir le croíphrionsabal na bPainéal Saoránach Eorpach, bhí na rannpháirtithe uile in ann labhairt ina dteanga dhúchais, rud a éascaíodh leis an ateangaireacht.

Fíor 4: Torthaí an tsuirbhé aiseolais maidir leis na ceisteanna **'I bplé na meithle, bhraith mé go raibh meas acu orm'**(1) (n=119) agus **'Ar an iomlán, an mbraitheann tú go raibh tábhacht le do ghuth i do mheitheal?'** (2) (n=119)




D'oibrigh saoránaigh in 12 mheitheal, d'éascaigh beirt chomhaltaí ón bhfoireann díospóireachta iad agus thug siad cúnamh dóibh: éascaitheoir amháin a raibh taithí aige agus éascaitheoir cúnta amháin. Ba é ról na n-éascaitheoirí an plé a stiúradh sna meithleacha, ina dteanga dhúchais nó i mBéarla, agus sreabhadh oibre rianúil a chumasú tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

- atmaisféar cairdiúil agus comh-mheasúil a shocrú chun rannchuidiú cothrom ó na rannpháirtithe uile a chur chun cinn;
- a chinntiú gur cuireadh gach saoránach ar an eolas faoin bpróiseas foriomlán agus treoir a thabhairt dóibh in obair an ghrúpa;
- cinnte a dhéanamh de gur baineadh amach cuspóirí sheisiúin na meithle, is é sin sainaithint easaontas agus coinbhleachtaí idir na saoránaigh a éascú, díospóireacht agus comhthoil a chur chun cinn ina measc;
- coimeád ama, nótaí a ghlacadh agus an plé a chomhdhlúthú i ndoiciméid oibre ilteangacha agus idirnasctha;
- iarrataí a rinne na saoránaigh sna meithleacha a nascadh leis an bhfoireann tacaíochta nó leis na saineolaithe, trí bharúlacha nó ceisteanna a bhí ar feitheamh a bhailiú mar shampla;
- páirt a ghlacadh i seisiúin faisnéisithe leis an bhfoireann díospóireachta.

Chloígh na héascaitheoirí agus na cúntóirí uile leis na treoracha coitianta a soláthraíodh i dtreoir maidir le héascú agus i ndoiciméad maidir le feidhmiú céimneach (ceann amháin in aghaidh an tseisiúin). Ghlac siad páirt i dtrí chruinniú thiomnaithe faisnéisithe agus oiliúna roimh gach seisiún.

### 2.3.2 Modhnóireacht agus éascú

Threoraigh triúr príomhmhodhnóirí na saoránaigh trí na seisiúin uile agus stiúir siad an plé iomlánach. Sholáthair siad eolas maidir le sprioc ghinearálta an phainéil agus modheolaíocht na seisiún, mar aon le gnéithe eagrúcháin. D'éascaigh siad díospóireachtaí idir cainteoirí freisin, chinntigh siad gur soláthraíodh eolas go cothrom agus go neamhchlaonta le linn an phlé, agus d'éascaigh siad seisiún ceisteanna & freagraí idir saineolaithe agus saoránaigh. Ina theannta sin, thug siad na torthaí uile le chéile i gcruinnithe iomlánacha deiridh gach seisiúin. Ba iad seo a leanas na príomh-mhodhnóirí:


- Julia Hoffmann (ifok)
- Antoine Vergne (Missions Publiques)

## 2.4. Torthaí comhchoiteanna


Le linn trí sheisiún, d'fhorbair na saoránaigh 13 mholadh le haghaidh na hEorpa atá Fuinneamhéifeachtúil. Léirítear na torthaí ina n-iomláine san Iarscríbhinn a ghabhann leis an tuarascáil seo. Ar mhaithe le sreabhadh léitheoireachta níos fearr, cuirtear na moltaí i láthair i seacht mbloc théamacha:

- Athrú ar eolas agus iompraíocht;
- Deiseanna comhionanna agus córa;
- Ról domhanda an Aontais agus na mBallstát;
- Poist agus oideachas;
- Bonneagar;
- Foirgnimh;
- Iompar.


Fíor 6: Torthaí an tsuirbhé aiseolais maidir leis an gceist **'An dóigh leat gur chuimsigh an Painéal Saoránach dearcthaí chomhaltaí an phainéil uile ina mholtaí deiridh?'** (n=119)




Fíor 7: Torthaí an tsuirbhé aiseolais maidir leis an gceist **'An dóigh leat go mbeidh tionchar ag moltaí an Phainéil Saoránach?'** (n=118)




Fíor 5: Torthaí an tsuirbhé aiseolais maidir leis an gceist **'Ar an iomlán, an bhfuil tú sásta le d'eispéireas ar an bPainéal Saoránach?'** (n=119)




# 2.5. Rialachas agus eolas

## 2.5.1 An Coiste Stiúrtha

Rinne an Coiste Stiúrtha an Painéal Saoránach Eorpach a dhearadh, a eagrú agus a chomhordú. Tháinig sé le chéile uair sa tseachtain chun cinneadh a dhéanamh maidir le cúrsaí coincheapúla agus eagraíochtúla, agus gnéithe modheolaíochta, cumarsáide, lóistíochta agus buiséadacha san áireamh, agus é ag cinntiú go mbeadh tionchar ag an bpróiseas plé ar cheapadh beartas. Bhí an Coiste comhdhéanta d'ionadaithe ón gCoimisiún Eorpach agus cuibhreannas conraitheoirí.

D'oibrigh an cuibhreannas conraitheoirí le chéile chun an ghlúin nua seo de Phainéil Saoránach Eorpach a dhearadh agus a chur chun feidhme. Go háirithe, thug sé saineolaithe le chéile chun cuidiú leis an bpróiseas plé a dhearadh agus a éascú, ag úsáid a bhfios gnó chun sainchúram an phainéil a choincheapú chomh maith leis an bpróiseas rannpháirtíochta foriomlán agus an mhodheolaíocht do gach seisiún agus chun an Coiste Eolais comhairleach a chur ar bun.

## 2.5.2 An Coiste Eolais

Ós rud é go raibh Coiste Eolais páirteach ann a bhí comhdhéanta de shaineolaithe i réimse na héifeachtúlachta fuinnimh, cuireadh feabhas ar shláine an phróisis plé toisc gur cinntíodh cáilíocht, oibiachtúlacht, éagsúlacht agus sothuigtheacht an eolais a soláthraíodh do na saoránaigh. Chuidigh siad freisin le breathnú ar na torthaí agus lena chinntiú go ndéanfaí an t-aistriú ó sheisiún amháin go seisiún eile a struchtúrú ar bhealach a dhéanfadh dul chun cinn fóinteach ar an bplé agus a bheadh bunaithe ar thuairimí ó na saoránaigh.

I measc na bhfreagrachtaí a bhí orthu bhí pacáiste eolais a dhréachtú do rannpháirtithe, oibriú i gcomhar leis an gCoiste Stiúrtha maidir le hionchuir bheartais fhíorasacha, comharthaí laga agus laigí a shainaithint sa phlé, seiceáil fíricí, freagra a thabhairt ar cheisteanna na saoránach agus a saineolas ar thopaic na héifeachtúlachta fuinnimh a chomhroinnt i suíomhanna iomlánacha agus fo-iomlánacha. Mhol an Coiste Eolais freisin do roinnt cainteoirí seachtracha cur lena gcuid eolais le linn na seisiún.

Bhí an Coiste Eolais comhdhéanta d'ochtar comhaltaí arna roghnú ag an gCoiste Stiúrtha, bunaithe ar na critéir seo a leanas: saineolas a chumhdaíonn éagsúlacht leathan réimsí eolais; aitheantas leathan dá bhfios gnó agus dá dtaithí sa réimse, i measc páirtithe leasmhara agus piaraí araon; an cumas tuairimí éagsúla ar an topaic a thuiscint, a aithint agus a chur in iúl; agus éagsúlacht i dtéarmaí inscne, náisiúntachta, agus cleamhnachtaí. Ina theannta sin, chuir ionadaí amháin ón gCoimisiún Eorpach le léargas ar bheartais an Aontais.

Ba iad seo a leanas comhaltaí an Choiste Eolais:

- **Arianna Vitali Roscini** – Ardrúnaí, Comhghuaillíocht an Choigiltis Fuinnimh
- **Camille Defard** – Ceann Ionad Fuinnimh Jacques Delors
- **Claire Roumet** – Beartas agus Comhpháirtíochtaí Straitéiseacha an Aontais, Cathracha Fuinnimh
- **Goda Perlaviciute** — Ollamh Comhlach le Inghlacthacht Phoiblí na nAistrithe Inbhuanaithe, Ollscoil Groningen agus Wytse Gorter, Taighdeoir Sóisearach um Shíceolaíocht Chomhshaoil, Ollscoil Groningen
- **Jan Rosenow** – Stiúrthóir na gclár Eorpach, an Tionscadal um Chúnamh Rialála
- **Reinhard Six** – Sainchomhairleoir Neamhspleách, Saineolaí ar mhaoiniú na héifeachtúlachta fuinnimh
- **Yves Marignac** – Saineolaí Fuinnimh agus Comhairleoir Sinsearach, Cumann négaWatt
- **Claudia Canevari** – Ceann Aonaid, Aonad na hÉifeachtúlachta Fuinnimh: Beartas agus Maoiniú, Ard-Stiúrthóireacht an Fhuinnimh, an Coimisiún Eorpach

### 2.5.3 Ionad Eolais agus Faisnéise

Bunaíodh Ionad Eolais agus Faisnéise chun freagra a thabhairt ar cheisteanna agus ar iarrataí ar shoiléiriú a chuir saoránaigh in iúl le linn a bplé. Bhí saineolaithe ón gCoimisiún Eorpach san Ionad Eolais agus Faisnéise, ar iarradh orthu freagraí a thabhairt ar a réimsí beartais faoi seach, mar aon le comhaltaí den Choiste Eolais. Le linn na dtrí sheisiún den Phainéal Saoránach Eorpach, thug an tIonad Eolais agus Faisnéise freagraí i scríbhinn ar níos mó ná 40 ceist a d'ardaigh saoránaigh agus d'fhorbair sé faisnéisiú i scríbhinn don tríú seisiún. Rinne an tIonad Eolais agus Faisnéise idirghabhálacha gearra freisin sa 12 mheitheal chun saincheisteanna a shoiléiriú sa phróiseas maidir le moltaí a dhréachtú.

### 2.5.4 Cainteoirí

Chomh maith le comhaltaí an Choiste Eolais, iarradh ar roinnt páirtithe leasmhara agus saineolaithe gnéithe agus dearcthaí éagsúla a bhaineann le saincheisteanna fuinnimh san Eoraip a chur i láthair agus ceisteanna na saoránach a fhreagairt. Chinntigh an Coiste Eolais go raibh an t-eolas a cuireadh faoi bhráid na saoránach cothrom, ábhartha do riachtanais agus d'iarrataí na saoránach agus go raibh sé sách ionadaíoch do phríomhsheasamh an lucht ceaptha beartas agus na bpáirtithe leasmhara san Aontas. Tá na cainteoirí uile liostaithe thíos.



**Tábla 2: Liosta na gcainteoirí le linn na dtrí sheisiún**

| | Ainmneacha agus cleamhnacht | S1 | S2 | S3 |
|---|---|---|---|---|
| **An Coimisiún Eorpach** | **Maroš Šefčovič,** Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin an Choimisiúin Eorpaigh maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip, Leas-Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh um an gCaidreamh Idirinstitiúideach | | | x |
| | **Colin Scicluna,** Ceann Comh-Aireachta, Comh-Aireacht an Leas-Uachtaráin Dubravka Šuica | x | | x |
| | **Ditte Juul-Jørgensen,** Ard-Stiúrthóir, Ard-Stiúrthóireacht an Fhuinnimh | x | | |
| | **Dana Spinant,** Ard-Stiúrthóir, Ard-Stiúrthóireacht na Cumarsáide | x | | x |
| | **Julia Mechthild Wörsdörfer,** Leas-Ardstiúrthóir, Comhordú an aistrithe chuig fuinneamh cóir agus glas, Ard-Stiúrthóireacht an Fhuinnimh | | x | |
| | **Richard Kuehnel,** Stiúrthóir na hIonadaíochta agus na Cumarsáide sna Ballstáit, Ard-Stiúrthóireacht na Cumarsáide | x | | x |
| | **Paula Pinho**, Stiúrthóir um Aistriú Cóir, Tomhaltóirí, Éifeachtúlacht Fuinnimh agus Nuálaíocht, Ard-Stiúrthóireacht an Fhuinnimh | x | | x |
| | **Pierre Schellekens,** Stiúrthóir, Beartas fuinnimh, Straitéis agus Comhordú, Ard-Stiúrthóireacht an Fhuinnimh | | | x |
| | **Claudia Canevari,** Ceann Aonaid, Beartas agus Maoiniú na hÉifeachtúlachta Fuinnimh, Ard-Stiúrthóireacht an Fhuinnimh | x | x | |
| | **Joachim Ott,** Ceann Aonaid, Comhphlé leis na Saoránaigh, Ard-Stiúrthóireacht na Cumarsáide | x | x | |
| | **Robert Nuij,** Leas-Cheann Aonaid, Beartas agus Maoiniú na hÉifeachtúlachta Fuinnimh, Ard-Stiúrthóireacht an Fhuinnimh | | | x |
| | **Gaëtane Ricard-Nihoul,** Leas-Cheann Aonaid, Comhphlé leis na Saoránaigh, Ard-Stiúrthóireacht na Cumarsáide | x | | |
| | **Achilles Hannoset,** Oifigeach Beartais, Ard-Stiúrthóireacht an Fhuinnimh | | | x |
| | **Rados Horacek, Oifi**geach Beartais, Ard-Stiúrthóireacht an Fhuinnimh | | | x |
| | **Veronika Jirick**ova, Oifigeach Beartais, Ard-Stiúrthóireacht an Fhuinnimh | | | x |
| | **Madis Laaniste**, Oifigeach Beartais, Ard-Stiúrthóireacht an Fhuinnimh | | | x |
| | **Edyta Nowak, Oifige**ach Beartais, Ard-Stiúrthóireacht an Fhuinnimh | | | x |
| | **Margot Pinault,** Oifigeach Beartais, Ard-Stiúrthóireacht an Fhuinnimh | | | x |
| | **Thibault Roy**, Oifigeach Beartais, Ard-Stiúrthóireacht an Fhuinnimh | | | x |
| | **Eduardo Soares,** Oifigeach Beartais, Ard-Stiúrthóireacht an Fhuinnimh | | | x |
| **Cainteoirí seachtracha** | **Camille Defard,** Ceann Ionad Fuinnimh Jacques Delors | x | x | x |
| | **Dorin Hell,** iar-rannpháirtí sa Chomhdháil ar Thodhchaí na hEorpa | x | | |
| | **Victor Laymand,** make.org | | x | |
| | **Yves Marignac,** Saineolaí Fuinnimh agus Comhairleoir Sinsearach, Cumann négaWatt | x | x | |
| | **Hendrik Nahr,** make.org | | | x |
| | **Jan Rosenow,** Stiúrthóir na gclár Eorpach, an Tionscadal um Chúnamh Rialála (RAP) | x | | x |
| | **Claire Roumet,** Beartas agus Comhpháirtíochtaí Straitéiseacha an Aontais, Cathracha Fuinnimh | x | | x |
| | **Reinhard Six,** Sainchomhairleoir Neamhspleách, Saineolaí ar mhaoiniú na héifeachtúlachta fuinnimh | x | x | x |
| | **Linda Steg,** Ollamh le Síceolaíocht Chomhshaoil, Ollscoil Groningen | | x | |
| | **Arianna Vitali Roscini,** Ard-Rúnaí, Comhghuaillíocht an Choigiltis Fuinnimh | x | x | x |

## 2.6. Breathnóirí

Ceadaíodh do roinnt breathnóirí obair an Phainéil Saoránach Eorpach sin a leanúint. Ba é ab aidhm dó sin trédhearcacht agus infheictheacht a sholáthar don fhormáid dhaonlathach nuálach sin agus spás sábháilte á chaomhnú do shaoránaigh rannpháirteacha, rud atá ríthábhachtach do thimpeallacht iontaofa díospóireachta. Ceadaíodh do bhreathnóirí a bheith i láthair agus breathnú ar an bplé sna seisiúin iomlánacha agus sna meithleacha. Ba é triúr an t-uaslíon breathnóirí a ceadaíodh do gach meitheal.

Tháinig roinnt breathnóirí inmheánacha freisin ó na comhpháirtithe agus na hinstitiúidí eagrúcháin (foireann inmheánach ón gCoimisiún Eorpach nó ó institiúidí agus comhlachtaí eile de chuid an Aontais mar shampla). Bhí taighdeoirí i measc na mbreathnóirí seachtracha (ó ollscoileanna nó ó mheithleacha machnaimh), gníomhaithe na sochaí sibhialta agus páirtithe leasmhara eile. Le toiliú na saoránach lena mbaineann, d’fhéadfadh breathnóirí seachtracha agallaimh a dhéanamh leo le haghaidh taighde amháin, mura gcuirfeadh sé bac ar imeachtaí an phainéil.





# AN RANNPHÁIRTÍOCHT A LEATHNÚ

# 3. An rannpháirtíocht a leathnú

## 3.1. An tArdán um Rannpháirtíocht Saoránach

Is uirlis ar líne é an tArdán um Rannpháirtíocht Saoránach lenar féidir leis an bpobal i gcoitinne a dtuairimí a thabhairt maidir leis an tsaincheist ar thug comhaltaí an Phainéil Saoránach Eorpach aghaidh uirthi. Cuireadh an uirlis sin i bhfeidhm chun rannpháirtíocht na saoránach ar an topaic a uasmhéadú agus chun cur le hobair an Phainéil agus leis na beartais ghaolmhara a bheidh ann amach anseo. Iarrtar leis an ardán seo, atá bunaithe ar an mbogearra foinse oscailte Decidim, ar shaoránaigh a n-aighneachtaí a chur isteach i 24 theanga oifigiúla uile an Aontais, agus smaointe agus réitigh á gcur ar fáil acu. Ina theannta sin, cothaíonn an t-ardán plé idirghníomhach trí ghné thráchtaireachta, lenar féidir le húsáideoirí déileáil le moltaí a chéile, aiseolas a thabhairt, agus smaointe a bheachtú go comhoibríoch.

An 9 Feabhra 2024 sheol an Coimisiún Eorpach an díospóireacht ar líne maidir le héifeachtúlacht fuinnimh [2]. Le linn na seisiún, bhí deis ag an bPainéal Saoránach Eorpach cloisteáil faoi na príomhaighneachtaí a rinneadh ar an ardán. Chomhroinn rannchuiditheoirí a gcuid léargais ar ghnéithe éagsúla mar shampla múscailt feasachta, iarfheistiú fuinnimh, soghluaisteacht, fuinneamh in-athnuaite nó tionscnaimh coigilte fuinnimh ar fud an Aontais [3]. A gcuid oibre a spreagadh nó a threisiú, chuidigh rannpháirtíocht lucht féachana níos leithne de shaoránaigh den Aontas Eorpach tríd an ardán le tuairimí eile a chur san áireamh sa phlé. Cuireadh gach aighneacht a rinneadh ar an ardán san áireamh i bplé an Phainéil agus cuireadh san áireamh iad agus beartais a bheidh ann amach anseo á n-ullmhú.

## 3.2. Cumarsáid

Dearadh an straitéis chumarsáide don Phainéal Saoránach Eorpach maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh chun feasacht agus rannpháirtíocht a uasmhéadú trí chur chuige ilghnéitheach, lena gcomhcheanglaítear feachtais ar na meáin, for-rochtain tionchairí agus iriseoirí, for-rochtain dhíreach ag imeachtaí agus clár faisnéise a dhéanamh.

Dhírigh feachtais ar na meáin shóisialta ar aird a tharraingt ar an Ardán nua um Rannpháirtíocht Saoránach, chomh maith leis an bhfeasacht shóisialta a mhúscailt faoi na seisiúin phainéil atá ar siúl faoi láthair. Iarradh ar thionchairí agus ar iriseoirí ábhar a chruthú agus a chomhroinnt, agus ar an gcaoi sin lucht an fheachtais a mhéadú agus níos mó rannpháirtíochta a chothú sa phobal le hobair an phainéil.

Cuid lárnach ab ea an clár faisnéise, arbh é ab aidhm dó scéal pearsanta tarraingteach a sholáthar faoi ghníomhaíochtaí an Phainéil Saoránach Eorpach.




[2] Is féidir eolas a fháil ar an Ardán um Rannpháirtíocht Saoránach anseo
[3] Is féidir eolas a fháil ar an tuarascáil deiridh anseo


13:09
EUROPEANCOMMISSION
Post
Segui
europeancommission
EUROPEAN
CITIZENS' PANEL
ENERGY EFFICIENCY
1.056 66 30
europeancommission Doing MORE with LESS energy.
Your ideas can help achieve it!
This weekend, citizens from across the EU met in Brussels to work on recommendations to boost energy efficiency.
You can contribute by joining the debate on our new Citizens' Engagement Platform.
The outcome will feed into the EU policy-making process – helping us enhance efficiency, reduce costs, and avoid energy waste.
Discover how on citizens.ec.europa.eu
Visualizza tutti i commenti









# MOLTAÍ Ó NA SAORÁNAIGH

# 4. Moltaí ó na Saoránaigh



## 4.1. 13 mholadh le haghaidh na hEorpa atá Fuinneamhéifeachtúil

### Athrú ar eolas agus iompraíocht – Moladh 1

#### Moladh 1: **Tomhaltóirí a chumhachtú chun bheith fuinneamhéifeachtúil**

Molaimid go ndéanfaí an t-eolas a sholáthraítear do thomhaltóirí níos inrochtana, níos trédhearcaí agus níos inúsáidte, chun teaghlaigh agus eagraíochtaí a chumhachtú chun bheith níos fuinneamhéifeachtúla. Dá bhrí sin, molaimid an méid seo a leanas:

tairseach ar líne a bheith ann a mbeidh feidhm féin-iniúchta léi chun cuidiú le tomhaltóirí measúnú a dhéanamh ar a gcuid riachtanas maidir le hiompar, feabhsuithe tí, agus leideanna ísealchostais. Sholáthródh sé pacáiste réiteach dóibh, mar shampla na chéad chéimeanna eile agus eolas teagmhála, líonra d'ionaid ilfhreastail fhisiciúla ar an leibhéal bardasach (hallaí cathrach, leabharlanna) ina bhfuil saineolaithe neamhspleácha ar fáil chun obair leantach a dhéanamh. Níor cheart don líonra idirdhealú a dhéanamh idir ceantair thuaithe/uirbeacha, agus grúpaí sóisialta. Ba cheart comhairle a thabhairt maidir le gnéithe reachtacha, airgeadais, teicniúla agus soláthraithe seirbhíse áitiúla san ionad ilfhreastail. Iarrtar ar ghníomhaithe áitiúla feasacht ar an tseirbhís a scaipeadh, lipéid éifeachtúlachta fuinnimh níos inrochtana a bheith ar tháirgí, atá intuigthe do chách, agus eolas faoi shaolré táirgí, agus tagairt don líonra ilfhreastail san áireamh

**Réasúnú:**

Tá an moladh seo tábhachtach, mar ní féidir cinntí iomchuí a dhéanamh ach amháin má tá eolas cuí againn chun ár ngníomhaíocht a bhunú orthu. Ní mór an t-eolas sin a bheith intuigthe agus inrochtana do chách. Cé go bhféadfadh go leor eolais a bheith ar fáil cheana, is minic nach eol go bhfuil sé ann, gan trácht ar bheith intuigthe do chách. Ba cheart do thomhaltóirí a bheith ar an eolas faoina dtomhaltas fuinnimh agus a bheith freagrach as a gcuid sonraí féin, eolas a bheith acu faoi na roghanna atá ar fáil dóibh, faoi chostais na roghanna éagsúla sin, agus faoi na seirbhísí agus an tacaíocht atá ar fáil dóibh chun cuidiú leo a bheith níos fuinneamhéifeachtúla.

### Deiseanna comhionanna agus córa – Moladh 2

#### Moladh 2: **Ceart cóir ar athchóiriú baile a bhaineann le fuinneamh a mhaoiniú**

Molaimid córas cánach níos buntáistí a thabhairt isteach d'úinéirí beaga réadmhaoine, ionas nach mbreathnaítear ar thionóntaí mar bhac ar a dtithe a athchóiriú. Ba cheart é sin a bhaint amach trí fhaoiseamh cánach ar obair agus ar ábhair ag brath ar ioncam daoine. Ba cheart an chabhair is mó a thabhairt do na hioncaim is ísle. Ba cheart sásraí fóirdheontais a sholáthar roimh an obair nó i dtráthchodanna de réir mar a théann an obair athchóirithe chun cinn. Is gá do rialtais infheistíocht a dhéanamh i dtithíocht shóisialta trí ábhair fhuinneamhéifeachtúla agus ábhair inbhuanaithe a úsáid. Ba cheart ioncam cánach $CO_2$ a chur in áirithe, go páirteach, le haghaidh éifeachtúlacht fuinnimh (agus obair athchóirithe san áireamh). Maidir leis na gnólachtaí ilnáisiúnta is mó is cúis le truailliú, ba cheart cáin a ghearradh orthu dá réir. Ba cheart do na bainc rochtain ar chreidmheas a éascú le haghaidh athchóiriú fuinnimh ar ráta úis atá in oiriúint d'ioncam.

**Réasúnú:**

Ciallaíonn ceartas sóisialta rochtain chothrom ar fhuinneamh agus ar thithíocht. Sa lá atá inniu ann, tá cásanna do-ghlactha romhainn: tá roinnt daoine ag maireachtáil faoi dhianbhochtaineacht fuinnimh, agus ní thairbhíonn úinéirí tí beaga ón meánaicme den chabhair agus de na fóirdheontais chun a dtithe féin nó an réadmhaoin a ligeann siad ar cíos a athchóiriú. Braitheann tionóntaí nach bhfuil sé de chumhacht acu athrú a dhéanamh. Ceapaimid go bhfuil sé do-ghlactha nach ndáiltear iarrachtaí go cothrom agus nach féidir le roinnt daoine a bheith ina gcónaí i gcompord teirmeach.

Fágann rochtain chothrom go bhfuil éifeachtúlacht fuinnimh níos inacmhainne do chách agus, dá bhrí sin, rannchuideoidh sí leis an gcomhrac comhchoiteann in aghaidh an athraithe aeráide.

## **Ról domhanda an Aontais agus na mBallstát** – Moltaí 3 go 5

### Moladh 3: **Neamhspleáchas agus éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, a bheith ina eiseamláir dhomhanda**

Molaimid don Aontas Eorpach infheistíocht a dhéanamh i dtaighde agus i bhforbairt teicneolaíochtaí nua fuinnimh, agus foinsí fuinnimh in-athnuaite san áireamh, chun éifeachtúlacht fuinnimh níos airde a bhaint amach. Cuimsítear leis sin na réimsí seo a leanas:

1. Táirgeadh fuinnimh (hidrigin, comhleá núicléach, etc.);
2. Stóráil fuinnimh (ceallraí);
3. Aistriú fuinnimh; agus
4. Tomhaltas fuinnimh a laghdú

Molaimid freisin go gcuirfeadh an tAontas úsáid buntáistí iomaíocha tírshonracha i dtáirgeadh fuinnimh chun cinn, agus malartú dea-chleachtas agus eolais idir na Ballstáit á éascú.

Ina theannta sin, molaimid tús áite a thabhairt do na gníomhaíochtaí is mó laistigh de chreat chéadphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh a chuireann le neamhspleáchas fuinnimh.

**Réasúnú:**

Ó thaobh na polaitíochta de, tá an moladh tábhachtach toisc go dtugann sé cosaint don Eoraip agus dá saoránaigh ar ghéarchéimeanna geopholaitiúla a d'fhéadfadh a bheith ann. Cuidíonn sé freisin le luachanna agus daonlathas na hEorpa a chosaint trí chead a thabhairt don Aontas naisc le rialtais éillitheacha a ghearradh. An tráth céanna, is féidir leis cuidiú le reachtaíocht an Aontais Eorpaigh bogadh níos tapa, mar go mbeadh níos mó saoirse ag an Eoraip a caighdeáin féin a shocrú. Chuideodh malartú eolais idir na Ballstáit freisin le feabhas a chur ar an gcaidreamh eatarthu. Ó thaobh na socheacnamaíochta de, mhéadódh sé iomaíochas an Aontais agus d'fhágfadh sé go bhféadfaí an t-airgead a úsáidtear chun an 61 % in allmhairí fuinnimh a íoc a atreorú (sonraí ó 2019) chuig infheistíochtaí inmheánacha lena ngintear luach níos mó don Aontas agus dá shaoránaigh. Mar thoradh ar níos lú allmhairí fuinnimh ó thríú tíortha, laghdófaí an neamhchosaint ar luaineachtaí praghsanna agus ar mhíshocrachtaí sna margaí fuinnimh domhanda, chomh maith le níos mó post a chruthú laistigh den Aontas.

Ó thaobh an chomhshaoil de, d'fhéadfadh tomhaltas fuinnimh laghdaithe, fás glas agus aeráidneodracht a bheith mar thoradh air, agus baineann siad uile le céadphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh agus le gealltanais inbhuanaitheachta an Aontais.

### Moladh 4: **Spriocanna éifeachtúlachta fuinnimh a bhaint amach trí chumas gach duine gníomhú a neartú**

Molaimid don Aontas Eorpach bearta tacaíochta a spreagadh chun caighdeáin éifeachtúlachta fuinnimh a chur chun feidhme, go díreach nó trí dhreasachtaí láidre do na Ballstáit. Cuideoidh sé sin lena chinntiú go gcomhroinnfear na hiarrachtaí go cóir idir daoine aonair agus gnóthais, ach idir réigiúin freisin, ionas nach bhfágfar aon duine ar lár.

Príomhphrionsabail:

- Cultúr éifeachtúlachta fuinnimh a fhorbairt trí eolas níos fearr chun cuidiú linn níos lú fuinnimh agus fuinneamh níos fearr a úsáid;
- Cuidíonn dreasachtaí atá coinníollach le gnólachtaí éifeachtúlacht fuinnimh a chomhtháthú i dtáirgeadh, i ndáileadh agus i ndíolacháin, agus aire á tabhairt gan FBManna a lagú;
- Íosmhéid fuinnimh a ráthú le haghaidh dálaí maireachtála cuibhiúla agus cion mór cabhrach a thiomnú do na daoine is leochailí (e.g.: iasachtaí ar ráta úis diúltach). Is é is aidhm dó sin neamhionannas sóisialta a laghdú seachas iad a bhuanú;
- Dreasachtaí a sholáthar do gach duine aonair, ach i gcomhréir inbhéartach lena n-ioncam, go háirithe trí phraghsáil fhorchéimnitheach fuinnimh agus ag brath ar fhoinsí fuinnimh.

**Réasúnú:**

Tá an moladh seo tábhachtach mar, cé gurb ann do chaighdeáin éifeachtúlachta fuinnimh, tá a n-inrochtaineacht agus a gcur chun feidhme teoranta fós. Sa lá atá inniu ann, tá go leor caighdeáin éifeachtúlachta fuinnimh ann ar scála Eorpach (tógáil agus athchóiriú foirgneamh, éicidhearthóireacht táirgí agus fearas, an comhrac in aghaidh dífheidhmeacht phleanáilte, an ceart chun deisiúcháin, etc.).

Tá siad uaillmhianach, agus tá siad ag cuidiú leis an margadh a fhorbairt, ach tá siad á gcur chun feidhme ar bhealach éagsúil ó bhalltír go chéile. Socraíonn siad ceanglais theicniúla a bhfuil tionchar airgeadais acu, d'fhéadfaidís grúpaí áirithe a eisiamh (ní féidir le gach duine iarfheistiú fuinnimh a dhéanamh ar a n-áit chónaithe, ná na fearais teaghlaigh is éifeachtúla a cheannach), nó d'fhéadfaidís a bheith ina gcúis le cásanna iomaíochta éagóraí (idir gnólachtaí Eorpacha a chloíonn leis na caighdeáin sin ina bpróisis táirgthe agus gnólachtaí lasmuigh den Aontas Eorpach).

Níor cheart gur só nó rogha atá daoine áirithe in ann a sheachaint a bheadh san éifeachtúlacht fuinnimh. D'fhéadfadh ról tábhachtach a bheith ag an Aontas chun a chinntiú go gcuirfidh éifeachtúlacht fuinnimh feabhas ar shaol laethúil na ndaoine, go háirithe na teaghlaigh is leochailí. Táimid ar an eolas gur féidir le roinnt dár n-údaráis áitiúla agus dár n-údaráis riaracháin áitiúla ról mór a imirt maidir le dea-shampla a thabhairt agus an margadh a chur chun cinn.

Tuigimid nach bhfuil gnéithe áirithe dár moladh ag brath go hiomlán ar an Aontas Eorpach agus go bhfuil gá le hailíniú láidir leis na Ballstáit. Ach tá sé in am do Phainéal Saoránach a bheith dána, nach bhfuil?

### Moladh 5: **Cur chun feidhme threoracha an Aontais a bhainistiú agus monatóireacht a dhéanamh air**

Molaimid go gcinnteoidh an tAontas go gcuirfear treoracha maidir le héifeachtúlacht fuinnimh chun feidhme sna Ballstáit, ós rud é go bhfuil siad á gcur chun feidhme ar bhealaí éagsúla faoi láthair. Gnéithe a bhaineann le feabhas a chur ar an gcur chun feidhme is ea eolas, maoiniú agus smachtbhannaí.

Is gá eolas a bheith inrochtana agus dírithe ar an bpobal, e.g. labhairt le daoine óga trí na meáin shóisialta nó le seanóirí tríd an teilifís, agus a bheith le feiceáil go héasca i spásanna poiblí.

Ní mhaoiníonn an tAontas ach Ballstáit chomhlíontacha bunaithe ar dhul chun cinn intomhaiste. Is gá an maoiniú a bheith cóir, comhréireach agus cothrom, agus acmhainneachtaí éagsúla na mBallstát á gcur san áireamh.

Tá na sásraí smachtbhannaí ann cheana, agus is féidir leis an gCoimisiún rialtais na mBallstát neamhchomhlíontach a thabhairt chun na cúirte.

Chun trédhearcacht a mhéadú, ba cheart na Ballstáit a rangú de réir a n-iarrachtaí cur chun feidhme. Ar deireadh, ba cheart don Aontas rialtais náisiúnta a spreagadh chun 'córas ticéadaithe' a bhunú ionas gur féidir le saoránaigh dramhaíl fuinnimh a thuairisciú agus gur féidir le húdaráis áitiúla gníomhú dá réir.

**Réasúnú:**

Tá an moladh seo tábhachtach toisc go mbeadh tionchar ag cur chun feidhme treoracha i ngach tír ar shaoránaigh uile an Aontais agus thabharfaí an deis dóibh rannchuidiú go díreach leis an bpróiseas monatóireachta fiú. Ina theannta sin, má bhíonn níos mó comhchuibhithe ann i measc na mBallstát, beidh sé níos éasca cinneadh a dhéanamh maidir le bearta nua sa todhchaí. Go sonrach maidir le heolas, dá n-aimseofaí bealaí nua chun sraitheanna éagsúla den daonra a chur san áireamh, d'fhéadfaí feabhas a chur ar chuntasacht an Aontais agus ar na rialtas náisiúnta araon.

Ní féidir an t-athrú san earnáil fuinnimh agus cur chun cinn na héifeachtúlachta fuinnimh a bhaint amach ar an luas agus ar an déine is gá ach amháin trí chur chun feidhme éifeachtach ar leibhéal na mBallstát. Má chomhlíontar caighdeáin éifeachtúlachta i ngach Ballstát, is féidir le níos mó saoránach den Aontas leas a bhaint as na tairbhí iomadúla a bhaineann le héifeachtúlacht fuinnimh.




## Poist agus oideachas — Moltaí 6 agus 7

### Moladh 6: **Feabhas a chur ar staid an lucht saothair oilte san Aontas in earnáil na héifeachtúlachta fuinnimh**

Molaimid go méadófaí an oiliúint i ngairmeacha a bhaineann le héifeachtúlacht fuinnimh. D'fhéadfadh an tAontas na bearta seo a leanas a eisiúint:

1. D'fhéadfadh na Ballstáit fóirdheontais a sholáthar do dhaoine aonair chun oiliúint a chur orthu i saothar glas oilte. Ba chóir go spreagfadh an stát an t-oibrí chun fanacht agus obair sa tír ar feadh méid áirithe ama ina dhiaidh sin.
2. D'fhéadfadh an tAontas tacú le cláir ghearrthéarmacha mhalartaithe nó uainíochta mar shampla cláir ERASMUS le haghaidh mac léinn agus oibrithe i réimse na héifeachtúlachta fuinnimh (oilte agus faoi oiliúint).
3. Ba cheart víosaí a eisiúint d'oibrithe oilte neamh-AE chun teacht ag obair sna Ballstáit shonracha a eisíonn na víosaí sin go dtí go réiteofar an easpa oibrithe oilte maidir le héifeachtúlacht fuinnimh.

**Réasúnú:**

Tá an moladh seo tábhachtach toisc go bhfuil sé ríthábhachtach oibrithe oilte a bheith ar gach leibhéal de chur chun feidhme na héifeachtúlachta fuinnimh chun go n-éireoidh le gach moladh eile ar oibrigh an Painéal Saoránach Eorpach orthu. Gan lucht saothair oilte, ní féidir leis na Ballstáit a bheith ag súil leis na spriocanna éifeachtúlachta fuinnimh a bhaint amach. Molaimid trí bheart, gach ceann acu ag freastal ar riachtanas éagsúil a bhaineann le cáilíochtaí oibrithe agus leis an margadh fostaíochta.

Beart 1: Tá an beart seo dírithe ar dhaoine aonair ar mian leo scileanna a uasghrádú nó a fháil i réimsí a bhaineann le héifeachtúlacht fuinnimh. Is féidir le rialtais

náisiúnta iad sin a dhéanamh níos inrochtana do chách trí fhóirdheontais a sholáthar le haghaidh oiliúna, go háirithe do dhaoine ó chúlraí níos boichte, nach mbeadh in ann a gcuid ama a infheistiú in uas-sciliú ná in athsciliú murach sin. Mar sin féin, molaimid freisin do na Ballstáit an riosca a bhaineann le himirce daoine oilte (oibrithe a bhogann thar lear ar mhaithe le pá níos fearr) a chur san áireamh. Ba cheart na hoibrithe a théann trí oiliúint fhóirdheonaithe a spreagadh ar bhealach éigin chun a gcuid scileanna nua a úsáid sa tír a d'infheistigh ina n-oiliúint. Dhéanfadh maoiniú inrochtana na cúrsaí níos tarraingtí, rud a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le níos mó daoine a bheith ag lorg fostaíochta sa réimse. Fágann sé sin go mbeadh níos mó saineolaithe ann ar féidir leo infheistíochtaí a bhaineann le héifeachtúlacht fuinnimh a phleanáil, a chur chun feidhme agus iniúchadh a dhéanamh orthu.

Beart 2: Is dreasacht é sin do na Ballstáit a lucht saothair oilte a chomhroinnt ar thionscadail ghearrthéarmacha agus a chinntiú gur féidir leis na Ballstáit nach bhfuil speisialtóirí acu tionscnaimh fhuinneamhéifeachtúla a fhorbairt freisin. D'fhéadfadh malartú trasteorann eolais agus scileanna a bheith mar thoradh air sin trína gcuirfear scileanna glasa chun cinn.

Beart 3: Aithnímid nach féidir leis an lucht saothair áitiúil gach réimse ina bhfuil oibrithe oilte ag teastáil a líonadh go tapa. Tógfaidh sé tamall margadh oibrithe oilte a chruthú san Eoraip, mar sin idir an dá linn bheadh sé úsáideach bealaí a aimsiú chun cuireadh a thabhairt do dhaoine aonair cáilithe lasmuigh den Aontas.

Go hachomair, is é an bunchoinníoll nach féidir le daoine na hathruithe a dhéanamh chun bheith níos fuinneamhéifeachtúla gan oibrithe oilte.

### Moladh 7: **An todhchaí a chinntiú tríd an oideachas glas**

Molaimid níos mó oideachais maidir le saincheisteanna glasa agus Éifeachtúlachta Fuinnimh. D'fhéadfaí é sin a dhéanamh trí na bearta seo a leanas a thabhairt isteach:

1. Deimhniú Eorpach le haghaidh éifeachtúlacht fuinnimh, bunaithe ar an gCeadúnas Idirnáisiúnta Tiomána Ríomhairí, chun bunleibhéal eolais ar éifeachtúlacht fuinnimh a spreagadh.
2. Ba cheart do na Ballstáit a chinntiú go mbainfidh líon áirithe oibrithe glasa oilte cúrsaí amach a bhaineann le héifeachtúlacht fuinnimh gach bliain chun an líon oibrithe oilte glasa sa tír a mhéadú. Glacadh leis an gcoincheap sin sna blianta roimhe seo i gcás mic léinn atá ag freastal ar ollscoileanna.
3. Ba cheart don Aontas feachtais feasachta poiblí a thabhairt isteach a d'eagrófaí chun béim a leagan ar luach na n-oibrithe oilte glasa agus chun a léiriú gurb iad sin poist na todhchaí. D'fhéadfaí é a dhíriú ar dhaoine óga go háirithe chun a léiriú gur féidir le hobair láimhe a bheith chomh tarraingteach le post oifige.

**Réasúnú:**

Is é an t-oideachas ardcháilíochta an bonn d'aon athrú tábhachtach. Molaimid trí bheart, gach ceann acu ag freastal ar riachtanas éagsúil a bhaineann le hoideachas: easpa eolas ginearálta maidir le hÉifeachtúlacht fuinnimh, daoine óga nach dtéann faoi ghairmoiliúint atá ag teastáil chun tacú le tionscnaimh fhuinneamhéifeachtúla agus chun an bhraistint maidir le gairmeacha atá ag teastáil chun tacú leis an aistriú fuinnimh a athrú, chun iad a dhéanamh níos tarraingtí.

Ar an gcéad dul síos, aontaíonn an grúpa go bhfuil gá le tuilleadh eolais ar éifeachtúlacht fuinnimh go ginearálta. Laghdaíonn eolas an tairseach chun roghanna Éifeachtúlachta Fuinnimh a dhéanamh ar leibhéal aonair agus ar leibhéal náisiúnta. D'fhéadfadh sé sin oibriú mar ábhar scoile, cúrsa gairmiúil riachtanach nó cúrsa ollscoile. Go ginearálta, molaimid an cúrsa a bheith ceangailte le dreasacht i leith gach leibhéil lenar féidir leat an cúrsa a dhéanamh.

Ar an dara dul síos, léiríodh le spriocanna ollscoile Eorpacha roimhe seo go dtugann spriocanna Eorpacha spreagadh do na Ballstáit níos mó airde a thabhairt ar réimsí áirithe san oideachas. Mar thoradh ar na spriocanna sin i réimse na hoiliúna maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh, tiocfaidh méadú ar an líon daoine a théann faoi ghairmoiliúint. i bhfocail eile, trí spriocanna a shocrú do na Ballstáit, cuireann an tAontas brú orthu an líon daoine i réimsí a bhaineann le hÉifeachtúlacht Fuinnimh a mhéadú. Ar an gcaoi sin, tá na rialtais freagrach go díreach as lucht saothair oilte a fhorbairt.

Ar deireadh, tá an moladh seo tábhachtach toisc gur gá an chaoi a mbraitheann daoine faoi obair i réimse an tsaothair láimhe agus i réimsí teicniúla a athrú chun feabhais. D'fhéadfadh na feachtais léiriú a thabhairt ar réimsí éagsúla oibre, ag léiriú go bhfuil obair fhisiceach ríthábhachtach, go bhfuil peirspictíochtaí maithe i gceist sa todhchaí agus nach gá nach mbeadh sí chomh suimiúil le hobair in oifig.

## **Bonneagair —** Moltaí 8 go 10

### Moladh 8: **An córas eangaí a bharrfheabhsú agus a fhorbairt, ón táirgeoir go dtí an t-úsáideoir deiridh, i bhfabhar foinsí fuinnimh in-athnuaite**

Molaimid don Choimisiún tús áite a thabhairt don eangach a bharrfheabhsú:

1. Feabhas a chur ar shlándáil agus iontaofacht fuinnimh trí infheistíocht a dhéanamh i bhfoinsí fuinnimh in-athnuaite, taighde ar stóráil fuinnimh agus bainistiú cliste a chur chun feidhme.
2. Plean infheistíochta a dhréachtú agus treoirlínte do na Ballstáit san áireamh chun feabhas a chur ar an eangach ar leibhéal áitiúil agus ar leibhéal trasteorann.

3. An eangach a fhorbairt agus na deiseanna agus na buntáistí a bhaineann le lárú agus dílárú á gcur san áireamh. Ba cheart an rogha is fuinneamhéifeachtúla a chur chun feidhme ar bhonn cás ar chás.
4. Sásraí a chur chun feidhme lena ndéantar monatóireacht ar úsáid leormhaith maoinithe agus lena bhforfheidhmítear rialacha an Aontais ionas gur féidir leis an úsáideoir deiridh tairbhe iomlán a bhaint as an infheistíocht agus gur féidir le gnólachtaí cloí leo.
5. Na Ballstáit a spreagadh chun cúnamh a thabhairt do shaoránaigh méadair chliste agus foinsí fuinneamhéifeachtúla a úsáid, chomh maith le dreasachtaí airgeadais a chur chun feidhme le haghaidh soláthróirí agus tomhaltóirí chun úsáid a bhaint as cleachtais fhuinneamhéifeachtúla; breithniú an bhféadfaí creat a chruthú le haghaidh saoránach chun fuinneamh a stóráil agus a tháirgeadh.

**Réasúnú:**

Tá an moladh seo tábhachtach toisc go mbeadh go leor tairbhí ann do tháirgeoirí agus d'úsáideoirí deiridh araon ach an eangach a bharrfheabhsú chun freastal ar fhoinsí fuinnimh in-athnuaite. Trí na córais eangaí a bharrfheabhsú, cuirtear feabhas ar éifeachtúlacht fuinnimh agus cuirtear glacadh foinsí fuinnimh in-athnuaite chun cinn. Cinntítear iompar, stóráil agus úsáid éifeachtúil fuinnimh tríd an gcur chuige sin. Ina theannta sin, cothaíonn forbairt eangaí praghsanna cobhsaí fuinnimh, spreagann sí úsáid fearas cliste, agus éascaíonn sí soláthar fuinnimh níos rianúla.

Baineann tomhaltóirí agus soláthróirí tairbhe as barrfheabhsú agus a forbairt na heangaí trí chórais bhainistithe chliste. Is féidir le tomhaltóirí rochtain a fháil ar eolas luachmhar faoi thomhaltas fuinnimh, is féidir le soláthróirí monatóireacht níos fearr a dhéanamh ar éileamh agus ar éifeachtúlacht táirgeachta, agus is féidir le córais stórála an próiseas nuachóirithe a chomhlánú.

Trí éifeachtúlacht fuinnimh a spreagadh agus caillteanas fuinnimh a íoslaghdú, ní hamháin go laghdaítear costais le barrfheabhsú eangaí ach cuirtear inbhuanaitheacht chomhshaoil chun cinn freisin. Trí thomhaltóirí a chumhachtú agus iad a chomhtháthú sa chóras fuinnimh, cuidítear le cothrom na Féinne a bhaint amach agus laghdaítear tionchar na gcorparáidí. Tá sé ríthábhachtach an meon atá againn a athrú i dtreo na héifeachtúlachta fuinnimh le haghaidh cur chun feidhme forleathan agus rannpháirtíocht na saoránach.

Thairis sin, tá nuachóiriú eangach ailínithe le cuspóirí an Aontais maidir le hastaíochtaí a laghdú, an t-athrú aeráide a chomhrac, agus aistriú chuig earnáil fuinnimh dhícharbónaithe. Tríd an gcur chuige sin a chur chun feidhme, beimid ag táirgeadh níos mó fuinnimh, beimid níos éifeachtúla laistigh den Eoraip agus beimid níos neamhspleáiche ar fhoinsí eachtracha. Ar deireadh, beidh deiseanna nua fostaíochta ann mar thoradh ar an earnáil nua sin agus cuirfear feabhas ar sheasamh an Aontais mar ghníomhaí domhanda i gcóras fuinnimh níos córa.

## Moladh 9: **Cuidiú le saoránaigh den Aontas comhphobail fuinnimh atá dírithe ar fhuinneamh a fhorbairt éifeachtúlacht trí eolas agus tacaíocht airgeadais a sholáthar**

Molaimid an méid seo a leanas:

1. Eolas maidir le héifeachtúlacht fuinnimh agus infheictheacht na gcomhphobal fuinnimh reatha a spreagadh. Go sonrach, d'fhéadfaimis an t-eolas faoi chomhphobail fuinnimh a dhéanamh intuigthe agus inrochtana do shaoránaigh uile an Aontais nó d'fhéadfaimis dea-chleachtais a chomhroinnt maidir le comhphobail fuinnimh laistigh den Aontas.
2. Luach go heacnamaíoch a chur ar choigilteas fuinnimh a bhaintear amach trí chomhphobail fuinnimh éifeachtúla a fhorbairt. Go beacht, d'fhéadfaimis sásraí nach bhfuil ann faoi láthair a fhorbairt, nó córas deimhnithe éifeachtúlachta fuinnimh.
3. Cuidiú leis na húdaráis phoiblí áitiúla tacaíocht airgeadais a thabhairt do thionscnaimh na gcomhphobal fuinneamhéifeachtúil a fhorbairt. Go sonrach, d'fhéadfaidís úsáid a bhaint as na cistí atá ag teacht go díreach ón Aontas (Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa mar shampla).
4. Nuair a bheidh na comhphobail sin ag feidhmiú, ba é an tosaíocht a bheadh ann éifeachtúlacht fuinnimh a shocrú mar phríomhphrionsabal an chomhphobail. Go sonrach, d'fhéadfaimis foirgnimh a insliú, teicneolaíochtaí nua a thabhairt isteach, agus córais chomhchoiteanna téimh agus fuaraithe a fhorbairt.

**Réasúnú:**

Tá an moladh seo tábhachtach toisc go bhfuil comhphobal fuinnimh bunaithe ar thionscnaimh ó na saoránaigh nó ar thionscnaimh áitiúla. Mar sin féin, d'fhéadfadh an easpa eolas beacht maidir le feidhmiú agus maoiniú comhphobal fuinnimh roinnt saoránach a dhíspreagadh comhphobail den sórt sin a fhorbairt. Thairis sin, níl na comhphobail fuinnimh atá ann cheana éifeachtúil *de facto* agus bíonn imthosca geografacha agus airgeadais na mBallstát den Aontas an-éagsúil óna chéile uaireanta. Dá bhrí sin, is gá dúinn an t-eolas ábhartha a dhéanamh inrochtana do chách, chomh maith le feabhas a chur ar chomhar idir na Ballstáit, chun comhphobail fhuinneamhéifeachtúla a fhorbairt sa deireadh.

Ceann de na prionsabail a bhaineann le comhphobal fuinnimh éifeachtúil is ea dramhaíl fuinnimh a sheachaint. Sa lá atá inniu ann, tá an easpa dáileoirí fuinnimh sna córais comhphobail fuinnimh ina bacainn ar dhramhaíl nialasach a bhaint amach. Is gá dúinn a chinntiú go spreagfar gníomhaithe príobháideacha chun páirt a ghlacadh i gcomhphobail fuinnimh. Mar shampla, d'fhéadfadh an Coimisiún Eorpach na Ballstáit a spreagadh chun deimhnithe éifeachtúlachta fuinnimh a chur ar fáil do ghnólachtaí príobháideacha má tá siad ag obair le comhphobail fuinnimh. Is gá dúinn freisin díriú ar an tionchar dearfach eacnamaíoch a bhaineann le neamhúsáid fuinnimh. Measaimid freisin gur gá dúinn praghas cóir a chur ar an bhfuinneamh iomarcach a tháirgeann na comhphobail.

Measaimid gurb iad na húdaráis phoiblí áitiúla na gníomhaithe is oiriúnaí chun cuid de chistí an Aontais a fhaigheann siad a infheistiú chun tacú leis na comhphobail fuinnimh, ós rud é go measaimid go mbeidh níos mó muiníne ag saoránaigh as a n-údaráis phoiblí áitiúla, ná as an rialtas náisiúnta. Mar sin féin, ba cheart d'údaráis phoiblí áitiúla cuimhneamh nach mór do chomhphobail fuinnimh a bheith inrochtana ó thaobh airgeadais de do chách, trí na cistí a dháileadh ar shaoránaigh bunaithe ar a n-ioncam. Thairis sin, d'fhéadfadh na cistí atá á mbainistiú ag na húdaráis áitiúla cuidiú le saoránaigh rochtain a fháil ar shaineolas chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh a gcomhphobal, seachas a gcoigilteas féin nó coigilteas an chomhphobail a infheistiú. Ina theannta sin, ba cheart dúinn cumhacht a thabhairt go díreach do na saoránaigh laistigh de na comhphobail fuinnimh chun rochtain dhíreach a fháil ar chistí an Aontais agus iad a bhainistiú.

Ar deireadh, a luaithe is féidir na trí ghné sin roimhe seo a sholáthar, ba cheart dúinn a chinntiú go gcuirfidh comhphobail fuinnimh céadphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh i gcroílár a bhforbartha, trí fhoirgnimh a insliú agus trí chórais téimh agus fuaraithe a fhorbairt a d'fhéadfadh cuidiú leis an méid fuinnimh a chuirtear amú a laghdú.

### Moladh 10: **Comhphobail fhuinneamhéifeachtúla a fhorbairt le haghaidh tomhaltas freagrach agus táirgeadh méadaithe fuinnimh áitiúil**

Molaimid comhphobail fuinnimh a spreagadh ar fud na mBallstát.

Ba cheart don Aontas Eorpach agus do na Ballstáit oibriú i gcomhar chun maoiniú agus saineolas a sholáthar chun tacú le comhphobail fuinnimh. D'fhéadfadh údaráis áitiúla a bheith ina gceannródaithe le haghaidh an athraithe seo.

Príomhghné de chomhphobail fuinnimh a spreagadh is ea spriocanna soiléire a bhunú sa Treoir Eorpach maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh 2030. Is féidir le monatóireacht éigeantach ar tháirgeadh fuinnimh i gcomhphobail fuinnimh sonraí luachmhara a sholáthar chun monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn agus chun réimsí le feabhsú, reachtaíocht nua agus cuspóirí beartais a shainaithint. Tá sé ríthábhachtach foinsí fuinnimh a éagsúlú i ngach Ballstát bunaithe ar a saintréithe uathúla agus ar a n-acmhainní uathúla. Molaimid tomhaltas a laghdú trí theicneolaíocht chliste a úsáid (e.g. soilse LED, córais téimh éifeachtúla).

Ba cheart don Aontas díriú freisin ar an méid seo a leanas:

- Athruithe sistéamacha a chuireann ar chumas do dhaoine céadphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh a chur i bhfeidhm.
- Fuinneamh áitiúil agus in-athnuaite a chur chun cinn.
- Múscailt feasachta, oideachas ó aois óg agus rannpháirtíocht na saoránach a spreagadh.

**Réasúnú:**

Tá an moladh seo tábhachtach chun ár gcomhshaol a chosaint agus ár bpláinéad a chaomhnú, ní hamháin dúinne, ach do na glúnta atá le teacht. Trí bheith ag brath ar chomhphobail fuinnimh áitiúla, méadófar an tslándáil fuinnimh agus an neamhspleáchas fuinnimh laistigh den Eoraip, rud a chothóidh paraidím éagsúil táirgthe agus tomhaltais.

Leis an moladh seo, is féidir a chinntiú go mbeidh sé d'acmhainn ag gach duine san Eoraip an bhochtaineacht fuinnimh a chomhrac le cuidiú ó chomhphobail fuinnimh. D'fhéadfadh an moladh seo fónamh ní hamháin mar réiteach éifeachtúlachta fuinnimh, ach freisin mar bhealach chun borradh a chur faoin saol i gcomhphobail áitiúla, lena gcothófar rannpháirtíocht shóisialta agus daonlathas do gach duine a chuimsítear ann.

## Foirgnimh – Moladh 11

### Moladh 11: **Cur chun feidhme na héifeachtúlachta fuinnimh i bhfoirgnimh a leathnú**

Molaimid go dtacódh an tAontas leis na Ballstáit chun a chinntiú go ndéanfar athchóiriú fuinneamhéifeachtúil ar i bhfad níos mó foirgneamh. Ba cheart díriú ar fhoirgnimh chónaithe.

Ba cheart tacú leis na Ballstáit chun athchóiriú foirgneamh cónaithe, foirgnimh ina bhfuil daoine ar ioncam íseal ina gcónaí, a éascú. D'fhéadfadh comórtais ar leibhéal náisiúnta cuidiú le teacht ar réitigh mhaithe inaistrithe (tionscadail samhla). Ba cheart a iarraidh ar Bhallstáit an Aontais Eorpaigh faoiseamh cánach a thairiscint d'úinéirí foirgneamh ina bhfuil formhór na dtionóntaí faoi bhun ioncam áirithe. Bheadh sé sin ina spreagadh maith chun tithe a athchóiriú. Ní mór a chinntiú go bhfuil sé chun leasa na dtionóntaí agus na dtiarnaí talún araon. Go háirithe, ní mór a sheachaint go ndéanfaí tionóntaí a dhíbirt chun cíosanna níos airde a ghearradh. Ba cheart an deis a bheith ag gach saoránach den Aontas (cibé acu tionónta nó úinéir) comhairle saor in aisce a fháil maidir leis an staid shonrach fuinnimh ina dteach (gníomhaireacht ilfhreastail). Cuimsítear sa mholadh freisin roghanna tacaíochta agus fóirdheontais chun feabhas a chur ar an staid fuinnimh.

**Réasúnú:**

Tá an moladh seo tábhachtach, mar gheall ar an méid seo a leanas:

- Tá go leor treoracha an Aontais ann cheana le haghaidh foirgnimh phoiblí (an Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh), d'fhoirgnimh neamhchónaithe (an Treoir maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh a glacadh le déanaí) agus d'fhoirgnimh nua de gach cineál (an Treoir maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh). Dá bhrí sin, dírítear ar fhoirgnimh chónaithe.
- Ní féidir le treoracha an Aontais a bheith éifeachtach ach amháin má tá cur chun feidhme náisiúnta agus áitiúil ann freisin a shroicheann úinéirí tí aonair.
- I roinnt mhaith Ballstát den Aontas Eorpach, is minic a bhíonn daoine ar ioncam íseal ina gcónaí i dtithe ina bhfuil drochchaighdeáin fuinnimh, drochriochtaí struchtúracha agus costais arda fuinnimh.

# Iompar – Moladh 12

## Moladh 12: **Tarraingteacht an iompair phoiblí a mhéadú do phaisinéirí**

Molaimid don Choimisiún Eorpach staidéir rialta a dhéanamh chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh córas iompair paisinéirí uirbeach agus fo-uirbeach ar fud na mBallstát uile.

Ba cheart fardal cuimsitheach agus measúnú cuimsitheach ar leictriú agus ar tharraingteacht na gcóras iompair phoiblí a chuimsiú sa staidéar sin. Leis an gcur chuige sin, beifear in ann bearnaí agus easnaimh sna córais atá ann cheana a shainaithint agus cuirfear cleachtais eiseamláireacha i dtábhacht a d'fhéadfadh na Ballstáit a ghlacadh.

Ar bhonn thorthaí an staidéir, d'fhéadfadh an Coimisiún Eorpach raon fóirdheontas a bhunú le haghaidh na mBallstáit chun infheistíocht a dhéanamh chun feabhas a chur ar tharraingteacht agus leictriú a gcóras iompair de réir mar is gá. Ba cheart go bhfónfadh an staidéar mar thagarmharc don staid reatha agus tabharfaidh sé cúnamh don Choimisiún Eorpach spriocanna a shocrú don Eoraip ina hiomláine. Le monatóireacht rialta, éascófar feabhas leanúnach ar fheidhmíocht an chórais agus méaduithe ar éifeachtúlacht fuinnimh.

**Réasúnú:**

Is é is aidhm don mholadh sin feabhas a chur ar cháilíocht saoil tríd an iompar poiblí a bharrfheabhsú, rud atá riachtanach le haghaidh gníomhaíochtaí laethúla agus atá níos fuinneamhéifeachtúla ná gluaisteáin aonair. Tríd an staidéar sin, tá coinne againn le torthaí praiticiúla a éascóidh cur chun feidhme phrionsabal na éifeachtúlachta fuinnimh. Cé go bhfuil iompar poiblí níos éifeachtúla ná gluaisteáin aonair, tugann a thearcúsáid le fios go bhfuil bacainní ann ar gá aghaidh a thabhairt orthu. Ní mór don Choimisiún Eorpach imscrúdú a dhéanamh ar na cúiseanna atá leis an tearcúsáid sin.

Trí iompar poiblí a dhéanamh níos éifeachtúla, níos áisiúla agus níos inrochtana, is féidir linn feabhas a chur ar cháilíocht na nasc agus tionchair eacnamaíocha agus $CO_2$ a laghdú, agus ar an gcaoi sin níos mó daoine a spreagadh chun iompar poiblí a roghnú thar fheithiclí príobháideacha. Ina theannta sin, i bhfianaise chomhchruinniú ard an daonra i gceantair uirbeacha, d'fhéadfaí comhcheangail shaincheaptha iompair a mholadh sa staidéar don todhchaí a chuirfeadh feabhas ar éifeachtúlacht fuinnimh a bhfuil géarghá léi i bhfianaise an athraithe aeráide. An breisluach atá leis an gcur chuige sin go mbreithnítear leis iompar aonair agus iompar comhchoiteann, chomh maith le hathruithe móra ar mhodhanna iompair amach anseo. Tugann sé léargas ar chásanna sonracha a tugadh faoi deara i mBallstáit éagsúla den Aontas Eorpach.

## Moladh 13: **An t-iompar is fuinneamhéifeachtúla a chur ar fáil ar fud na hEorpa: Earraí a bhaint den bhóthar, daoine a bhaint de na heitleáin, agus 'céadphrionsabal an iarnróid' a thabhairt isteach**

Molaimid gnólachtaí agus daoine a spreagadh chun an traein a úsáid le bheith níos fuinneamhéifeachtúla. Chuige sin, molaimid an méid seo a leanas a dhéanamh:

1. Línte traenach a leictriú chun astaíochtaí carbóin a laghdú;
2. An bonneagar iarnróid a nuachóiriú;
3. Pleanáil turais agus ceannach ticéad a dhigitiú chun an t-eispéireas custaiméara a bharrfheabhsú;
4. Iarnróid idir na Ballstáit a chaighdeánú agus iad a chomhtháthú le córais iompair áitiúla;
5. Amchláir a oiriúnú chun amanna turais níos tapa a chinntiú
6. Taisteal traenach a chur chun cinn chun dul san iomaíocht le haerlínte agus busanna gearraistir:
   - Amanna turais níos tapa le hiarnród ardluais.
   - Saoráidí níos fearr, carráiste itheacháin, Wi-Fi, vaigíní codlata, etc. mar shampla
   - Bagáiste agus rothair níos mó i ngach traein a cheadú.
7. Traenacha a líonadh trí phraghsáil inacmhainne a úsáid:
   - Promóisin speisialta ar chineálacha ticéad: ticéid le haghaidh teaghlach, mac léinn, seanóirí, daoine faoi mhíchumas, grúpaí ar ioncam íseal.
   - Praghsáil lasta a dhéanamh inacmhainne.
8. Línte iarnróid díchoimisiúnaithe a oscailt: tá línte dúnta tréigthe
9. Forimill an Aontais a nascadh
10. Chun cur chun feidhme na moltaí sin uile a éascú, molaimid infheistíocht agus fóirdheontais a mhéadú:
    - Infheistíocht phríobháideach ghearrthéarmach a spreagadh agus úinéireacht agus rialú poiblí foriomlán á gcoinneáil ar bun.
    - Cáin a ghearradh ar bhreoslaí iontaise, agus breosla eitlíochta san áireamh

**Réasúnú:**

Tá an moladh sin tábhachtach, toisc gur príomhréimsí iad taisteal traenach agus gluaiseacht lasta inar féidir gnóthachain éifeachtúlachta fuinnimh thapa a dhéanamh. Is gá dúinn gníomhú ar mhaithe le todhchaí na héiceolaíochta, an gheilleagair agus na teicneolaíochta. Dá bhrí sin, molaimid iompar paisinéirí agus earraí a dhéanamh níos tarraingtí agus níos éifeachtúla. Chun é sin a bhaint amach, is gá dúinn gníomhú ar leibhéal Eorpach.

### 4.1.1 Measúnú ar na moltaí

An lá deireanach den phainéal, iarradh ar na saoránaigh rannpháirteacha a measúnú ar gach ceann de na 21 mholadh a sholáthar. Seo forbhreathnú ar thorthaí na vótála seo, agus moltaí curtha in eagar de réir a leibhéil tacaíochta.

| RANGÚ | N° den mholadh | Teideal an mholta | Leibhéal tacaíochta (meán-nóta ó 1 go 6) | Ráta formheasta (sciar de na vótaí) |
|---|---|---|---|---|
| **1** | 8 | An córas eangaí a bharrfheabhsú agus a fhorbairt, ón táirgeoir go dtí an t-úsáideoir deiridh i bhfabhar foinsí fuinnimh in-athnuaite | 5.25 | 96 % |
| **2** | 3 | Neamhspleáchas agus éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, a bheith ina eiseamláir dhomhanda | 5.18 | 92 % |
| **3** | 9 | Cuidiú le saoránaigh den Aontas comhphobail fuinnimh a fhorbairt atá dírithe ar éifeachtúlacht fuinnimh trí eolas agus tacaíocht airgeadais a sholáthar | 4.96 | 91 % |
| **4** | 11 | Cur chun feidhme na héifeachtúlachta fuinnimh i bhfoirgnimh a leathnú | 4.89 | 90 % |
| **5** | 4 | Spriocanna éifeachtúlachta fuinnimh a bhaint amach trí chumas gach duine gníomhú a neartú | 4.87 | 87 % |
| **6** | 12 | Tarraingteacht an iompair phoiblí a mhéadú do phaisinéirí | 4.83 | 91 % |
| **7** | 2 | Ceart cóir ar athchóiriú baile a bhaineann le fuinneamh a mhaoiniú | 4.73 | 87 % |
| **8** | 1 | Tomhaltóirí a chumhachtú chun bheith fuinneamhéifeachtúil | 4.71 | 84 % |
| **9** | 10 | Comhphobail fhuinneamhéifeachtúla a fhorbairt le haghaidh tomhaltas freagrach agus táirgeadh méadaithe fuinnimh áitiúil | 4.64 | 84 % |
| **10** | 13 | An t-iompar is fuinneamhéifeachtúla a chur ar fáil ar fud na hEorpa: Earraí a bhaint den bhóthar, daoine a bhaint de na heitleáin, 'céadphrionsabal an iarnróid' a thabhairt isteach | 4.55 | 84 % |
| **11** | 6 | Feabhas a chur ar staid an lucht saothair oilte san Aontas in earnáil na héifeachtúlachta fuinnimh | 4.49 | 82 % |
| **12** | 7 | An todhchaí a chinntiú tríd an oideachas glas | 4.48 | 82 % |
| **13** | 20 | Cur chun feidhme threoracha an Aontais a bhainistiú agus monatóireacht a dhéanamh air | 4.19 | 72 % |

### 4.1.2 Forbhreathnú ar na seisiúin

Tá an clár oibre agus achoimre ar gach seisiún le fáil anseo.

### 4.1.3 Cuibhreannas conraitheoirí

D'oibrigh na conraitheoirí le chéile chun tacú leis an gCoimisiún Eorpach maidir leis an bPainéal Saoránach Eorpach a dhearadh agus a chur chun feidhme.

- Harris Interactive: Saoránaigh a earcú.
- VO Europe: Cumarsáid, cúnamh agus gach gné eagrúcháin de na trí sheisiún.
- Foireann cumarsáide — Been There Done That, WaterBear agus Scope: Straitéis chumarsáide, agus ábhar éagsúil a chruthú, a aistriú agus a scaipeadh ar na meáin shóisialta agus clár faisnéise a léiriú.
- Foireann Díospóireachta — ifok agus Missions Publiques: Chuir comhpháirtithe na foirne díospóireachta a bhfios gnó le chéile chun cuidiú leis an bpróiseas rannpháirtíochta foriomlán agus modheolaíocht le haghaidh gach seisiúin a choincheapú, agus rinne siad an mhodhnóireacht agus an t-éascú.




UROPEAN
IZENS' PANEL
NERGY EFFICIENCY
European
Commission





# TEAGMHÁIL A DHÉANAMH LE hINSTITIÚIDÍ AN AONTAIS EORPAIGH

### Dul ann tú féin

Tá na céadta Ionad "Europe Direct" ann ar fud an Aontais Eorpaigh. Is féidir leat seoladh an ionaid is gaire duit a fháil ar líne (european-union.europa.eu/contact-eu/meet-us_ga).

### Ar an bhfón nó i scríbhinn

Seirbhís is ea Europe Direct a thabharfaidh freagra duit ar cheisteanna faoin Aontas Eorpach. Is féidir leat dul i dteagmháil leis an tseirbhís sin:

- ag uimhir shaorghlao: 00 800 6 7 8 9 10 11 (d'fhéadfadh oibreoirí áirithe táille a ghearradh as na glaonna sin),
- ag an ngnáthuimhir seo a leanas: +32 22999696,
- tríd an bhfoirm seo a leanas: european-union.europa.eu/contact-eu/write-us_ga.

# EOLAS A FHÁIL FAOIN AONTAS EORPACH

### Ar líne

Tá eolas faoin Aontas Eorpach ar fáil i ngach ceann de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh ar an suíomh gréasáin Europa (european-union.europa.eu).

### Foilseacháin de chuid an Aontais Eorpaigh

Is féidir leat breathnú ar fhoilseacháin de chuid an Aontais Eorpaigh nó is féidir leat iad a ordú ag op.europa.eu/ga/publications. Más mian leat a lán cóipeanna d'fhoilseacháin saor in aisce a fháil, is féidir dul i dteagmháil le Europe Direct nó le d'ionad doiciméadúcháin áitiúil chun é sin a dhéanamh (european-union.europa.eu/contact-eu/meet-us_ga).

### Dlí an Aontais Eorpaigh agus doiciméid ghaolmhara

Chun teacht ar fhaisnéis dhlíthiúil ón Aontas Eorpach, dlí an Aontais Eorpaigh ón mbliain 1951 ar aghaidh sna teangacha oifigiúla san áireamh, téigh chuig EUR-Lex (eur-lex.europa.eu).

### Sonraí oscailte an Aontais Eorpaigh

Ar an tairseach data.europa.eu, cuirtear rochtain ar fáil ar thacair sonraí oscailte ó institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh. Is féidir iad a íoslódáil agus a athúsáid saor in aisce chun críoch tráchtála nó neamhthráchtála. Cuirtear rochtain ar fáil freisin ar neart tacair sonraí ó thíortha na hEorpa.

Oifig Foilseachán
an Aontais Eorpaigh